Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Iúil 2022**
**(OR. en)**

**11485/22**

**EF 211**
**ECOFIN 741**
**DELACT 124**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Iúil 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 4828 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 13.7.2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dréachtchaighdeáin theicniúla lena sonraítear ceanglais coinbhleachtaí leasa le haghaidh soláthraithe seirbhísí sluachistiúcháin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 4828 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 4828 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.7.2022
C(2022) 4828 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 13.7.2022**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dréachtchaighdeáin theicniúla lena sonraítear ceanglais coinbhleachtaí leasa le haghaidh soláthraithe seirbhísí sluachistiúcháin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 8(7) de Rialachán (AE) Uimh. 2020/1503 maidir le Soláthraithe Eorpacha Seirbhísí Sluachistiúcháin do ghnó ('an Rialachán'), cumhachtaítear an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, tar éis don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a thíolacadh, agus i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, gníomhartha tarmligthe lena sonraítear an méid seo a leanas:

(a) na ceanglais maidir le rialacha inmheánacha a choinneáil ar bun nó a oibriú dá dtagraítear i mír 3 d'Airteagal 8;

(b) na bearta dá dtagraítear i mír 4 d'Airteagal 8;

(c) na socruithe maidir leis an nochtadh dá dtagraítear i míreanna 5 agus 6 d'Airteagal 8.

Agus na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála á bhforbairt acu, cuirfidh ESMA san áireamh cineál, scála agus castacht na seirbhísí sluachistiúcháin arna soláthar ag an soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin.

Le hAirteagal 8(3), ceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí sluachistiúcháin rialacha inmheánacha éifeachtacha a choinneáil ar bun agus a oibriú chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint. Le hAirteagal 8(4), ceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí sluachistiúcháin gach beart iomchuí a dhéanamh chun coinbhleachtaí leasa a chosc, a shainaithint, a bhainistiú agus a nochtadh, ar coinbhleachtaí leasa iad idir na soláthraithe seirbhísí sluachistiúcháin iad féin, a scairshealbhóirí, a mbainisteoirí nó a bhfostaithe nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá nasctha leo trí rialú, agus a gcliaint, nó idir cliant amháin agus cliant eile. Le hAirteagail 8(5) agus 8(6), sonraítear ceanglais i ndáil le coinbhleachtaí leasa a nochtadh.

I gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 lena mbunaítear ESMA, cinnfidh an Coimisiún laistigh de 3 mhí tar éis na dréachtchaighdeáin a fháil cé acu a dhéanfaidh sé na dréachtaí arna gcur isteach a fhormhuiniú nó nach ndéanfaidh sé. Féadfaidh an Coimisiún, freisin, gan na dréachtchaighdeáin a fhormhuiniú ach go páirteach, nó iad a fhormhuiniú maille le leasuithe, i gcás ina n-éilítear amhlaidh ar mhaithe le leasanna an Aontais, ag féachaint don nós imeachta sonrach a leagtar síos sna hAirteagail sin.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, rinne ESMA comhairliúchán poiblí maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 8(7) de Rialachán (AE) Uimh. 2020/1503. Foilsíodh páipéar comhairliúcháin ar shuíomh gréasáin ESMA an 26 Feabhra 2021, agus dúnadh an comhairliúchán an 28 Bealtaine 2021. Thairis sin, d'iarr ESMA comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010. Laistigh den tuarascáil chríochnaitheach ar na dréachtchaighdeáin theicniúla, chuir ESMA míniú isteach faoin gcaoi ar cuireadh toradh na gcomhairliúchán sin san áireamh agus na dréachtchaighdeáin theicniúla chríochnaitheacha a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin á bhforbairt.

I dteannta na ndréachtchaighdeán teicniúil, agus i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, chuir ESMA a anailís isteach ar na costais agus ar na tairbhí a bhaineann leis na dréachtchaighdeáin theicniúla a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin. Áirítear an anailís sin sa Tuarascáil Chríochnaitheach ar na

dréachtchaighdeáin theicniúla atá le fáil ag https://www.esma.europa.eu/sites/default/files/library/esma35-42-1183_final_report_-_ecspr_technical_standards.pdf.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis na dréachtchaighdeáin theicniúla, sonraítear na rialacha inmheánacha ba cheart do sholáthraithe seirbhísí sluachistiúcháin a bhunú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun.

Leis na dréachtchaighdeáin theicniúla, leagtar amach freisin na critéir íosta ba cheart do sholáthraithe seirbhísí sluachistiúcháin a chur san áireamh agus sainaithint á déanamh acu ar na cineálacha coinbhleachtaí leasa a thagann chun cinn le linn seirbhísí sluachistiúcháin a sholáthar agus a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh do leasanna cliaint.

Ar deireadh, leis na dréachtchaighdeáin theicniúla, leagtar síos an chaoi agus an áit ar cheart, mar aon leis an uair ba cheart faisnéis maidir le cineál ginearálta agus foinsí coinbhleachtaí leasa
agus bearta maolaithe a nochtadh agus na nithe ba cheart a bheith ann.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 13.7.2022**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dréachtchaighdeáin theicniúla lena sonraítear ceanglais coinbhleachtaí leasa le haghaidh soláthraithe seirbhísí sluachistiúcháin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/1503 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2020 maidir le soláthraithe Eorpacha seirbhísí sluachistiúcháin do ghnó, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1129 agus Treoir (AE) 2019/1937[1], agus go háirithe Airteagal 8(7), an ceathrú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 8(3) de Rialachán (AE) 2020/1503, ní mór do sholáthraithe seirbhísí sluachistiúcháin rialacha inmheánacha a choinneáil ar bun agus a oibriú chun coinbhleachtaí leasa a chosc. Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na rialacha sin a gcuspóir coinbhleachtaí leasa a chosc le himeacht ama, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí sluachistiúcháin na rialacha sin a athbhreithniú go tréimhsiúil agus ar bhonn bliantúil ar a laghad, agus a áirithiú go ndéanfar bearta iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar aon easnamh maidir leis na rialacha sin.

(2) Chun coinbhleachtaí leasa a bhainistiú, níor cheart do sholáthraithe seirbhísí sluachistiúcháin a bheith ag brath an iomarca ar cheanglais nochta a leagtar amach in Airteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2020/1503. Dá bhrí sin, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí sluachistiúcháin rialacha inmheánacha a bhunú chun coinbhleachtaí leasa a chosc. Rialacha inmheánacha chun coinbhleachtaí leasa a chosc, ba cheart iad a bheith iomchuí maidir le cineál, scála agus castacht na seirbhísí sluachistiúcháin arna soláthar agus maidir le méid agus eagrú ghnó an tsoláthraí seirbhísí sluachistiúcháin. Maidir leis an méid sin, le rialacha inmheánacha chun coinbhleachtaí leasa a chosc, ba cheart a chur san áireamh, i gcás inarb ábhartha, imthosca a bhaineann leis an bhfíoras go mbaineann soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin le grúpa.

(3) Agus rialacha inmheánacha chun coinbhleachtaí leasa a chosc á ndearadh ag soláthraithe seirbhísí sluachistiúcháin, ba cheart dóibh a ndícheall a dhéanamh chun cosc, sainaithint agus bainistiú coinbhleachtaí leasa a áirithiú. Mar sin féin, i gcás ina sainaithnítear coinbhleacht leasa, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí sluachistiúcháin na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go nochtfar an choinbhleacht leasa sin le cliaint an tsoláthraí seirbhísí sluachistiúcháin agus le haon pháirtí eile a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh.

[1] IO L 347, 20.10.2020, lch. 1.

(4) Na bearta atá le déanamh ag soláthraithe seirbhísí sluachistiúcháin i gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2020/1503, ba cheart a áirithiú leo, le muinín réasúnach, go gcoiscfear na rioscaí maidir le damáiste do leasanna na gcliant, agus, i gcás nach féidir déanamh amhlaidh, go ndéanfar iad a mhaolú go cuí.

(5) Chun a áirithiú go bhféadfaidh cliaint cinneadh eolach a dhéanamh maidir le seirbhísí lena mbaineann coinbhleacht leasa iarbhír, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí sluachistiúcháin an fhaisnéis, arna nochtadh i gcomhréir le hAirteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2020/1503, maidir le cineál ginearálta agus foinsí coinbhleachtaí leasa chomh maith leis na bearta arna ndéanamh chun iad a mhaolú, a thabhairt cothrom le dáta. Ba cheart an nochtadh sin a bheith iomchuí maidir le cineál na gcliant ar a bhfuil sé dírithe, go háirithe agus a gcáilíocht mar infheisteoirí sofaisticiúla nó infheisteoirí neamhshofaisticiúla á cur san áireamh, lena n-áirítear infheisteoirí ionchasacha. Ba cheart tuairisc a bheith sa nochtadh ar na coinbhleachtaí leasa agus ar na rioscaí gaolmhara do na cliaint.

(6) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí faoi bhráid an Choimisiúin.

(7) Rinne an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí um Urrúis agus Margaí arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2].

(8) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [3]agus thug sé tuairim uaidh an 1 Meitheamh 2022,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

***Rialacha inmheánacha a choinneáil ar bun agus a oibriúchun coinbhleachtaí leasa a chosc***

1. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí sluachistiúcháin rialacha inmheánacha a bhunú i scríbhinn, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun, chun coinbhleachtaí leasa a chosc. Beidh na rialacha chun coinbhleachtaí leasa a chosc iomchuí maidir le méid agus eagrú an tsoláthraí seirbhísí sluachistiúcháin, agus maidir le cineál, scála agus castacht a ghnó.

2. I gcás inar ball de ghrúpa soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin, cuirfear san áireamh sna rialacha inmheánacha chun coinbhleachtaí leasa a chosc dá dtagraítear i mír 1 aon imthoisc atá ina coinbhleacht leasa nó a bhféadfadh coinbhleacht leasa teacht aisti de dheasca struchtúr gnó agus gníomhaíochtaí gnó ball eile de chuid an ghrúpa.

---

[2] Rialachán (AE) 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n- aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

[3] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

3. Leis na rialacha inmheánacha chun coinbhleachtaí leasa a chosc dá dtagraítear i mír 1, ceanglófar ar sholáthraí seirbhísí sluachistiúcháin na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) a áirithiú nach nglacfar le haon duine de na daoine dá dtagraítear in Airteagal 8(2), an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2020/1503, mar úinéirí tionscadail sna tionscadail sluachistiúcháin a thairgtear ar a n-ardán sluachistiúcháin;

(b) a aithint ar glacadh le haon duine de na daoine dá dtagraítear in Airteagal 8(2), an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2020/1503 mar infheisteoirí sna tionscadail sluachistiúcháin a thairgtear ar a n-ardán sluachistiúcháin;

(c) aon imthoisc eile a shainaithint a bhféadfadh coinbhleacht leasa iarbhír nó ionchasach teacht aisti idir na daoine dá dtagraítear in Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2020/1503, agus méid agus gníomhaíochtaí an tsoláthraí seirbhísí sluachistiúcháin agus, i gcás inarb infheidhme, méid agus gníomhaíochtaí an ghrúpa lena mbaineann sé, agus an riosca maidir le damáiste do leasanna cliant á gcur san áireamh;

(d) i gcás inarb ábhartha, nósanna imeachta a shonrú atá le leanúint agus bearta atá le glacadh, lena n-áirítear nósanna imeachta agus bearta a bhaineann leis na freagrachtaí inmheánacha ábhartha laistigh d'eagraíocht an tsoláthraí seirbhísí sluachistiúcháin, chun na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2020/1503 a chomhlíonadh agus de bhun pointe (c) den mhír seo.

4. Sa chás dá dtagraítear i mír 3, pointe (b), daoine dá dtagraítear in Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2020/1503 atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnó éagsúla lena mbaineann coinbhleacht leasa den chineál a shonraítear in Airteagal 8(2), an chéad fhomhír, pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2020/1503, leanfaidh siad de na gníomhaíochtaí sin ar leibhéal neamhspleáchais atá iomchuí maidir le:

(a) méid agus gníomhaíochtaí an tsoláthraí seirbhísí sluachistiúcháin;

(b) i gcás inarb infheidhme, méid agus gníomhaíochtaí an ghrúpa lena mbaineann an soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin;

(c) an riosca maidir le damáiste do leasanna cliant.

5. Sa chás dá dtagraítear i mír 3, pointe (c), beidh na nithe seo a leanas go léir sna rialacha inmheánacha:

(a) nósanna imeachta éifeachtacha chun an malartú faisnéise idir daoine dá dtagraítear in Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2020/1503 atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí lena mbaineann riosca maidir le coinbhleacht leasa a chosc nó a rialú, i gcás ina bhféadfadh sé go ndéanfadh malartú na faisnéise sin dochar do leasanna cliant amháin nó níos mó de chuid an tsoláthraí seirbhísí sluachistiúcháin;

(b) forálacha maidir le maoirseacht ar leithligh a dhéanamh ar dhaoine dá dtagraítear in Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2020/1503, arb iad a bpríomhfheidhmeanna gníomhaíochtaí a dhéanamh thar ceann cliant, nó seirbhísí a sholáthar dóibh, ar cliaint iad a bhféadfadh a leasanna a bheith i gcoinbhleacht le chéile, nó a bhfuil leasanna éagsúla acu a d'fhéadfadh a bheith i gcoinbhleacht le chéile, lena n-áirítear leasanna an tsoláthraí seirbhísí sluachistiúcháin;

(c) aon nasc díreach a bhaint idir pá na ndaoine dá dtagraítear in Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2020/1503 atá ag gabháil go príomha do ghníomhaíocht amháin agus pá daoine éagsúla, nó ioncam a ghineann siad, ar daoine iad dá dtagraítear in Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2020/1503, atá ag gabháil go príomha do ghníomhaíocht eile, i gcás ina bhféadfadh coinbhleacht leasa teacht chun cinn i ndáil leis na gníomhaíochtaí sin;

(d) bearta chun cosc a chur ar aon duine tionchar míchuí a imirt ar an mbealach a ndéanann duine dá dtagraítear in Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2020/1503 seirbhísí sluachistiúcháin, nó teorainn a chur leis an tionchar atá ag aon duine air sin;

(e) bearta chun rannpháirtíocht chomhuaineach nó sheicheamhach duine dá dtagraítear in Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2020/1503 i seirbhísí sluachistiúcháin éagsúla a chosc nó a rialú, i gcás ina bhféadfadh an rannpháirtíocht sin dochar a dhéanamh do bhainistiú cuí coinbhleachtaí leasa.

6. Déanfaidh soláthraithe seirbhísí sluachistiúcháin measúnú agus athbhreithniú go bliantúil, ar a laghad, ar a rialacha inmheánacha chun coinbhleachtaí leasa a chosc, agus déanfaidh siad gach beart is iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar aon easnamh a shainaithnítear.

*Airteagal 2*

***Bearta chun coinbhleachtaí leasa a chosc, a shainaithint agus a bhainistiú***

1. Leis na bearta a cheanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí sluachistiúcháin a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2020/1503, áireofar, le muinín réasúnach, go gcoiscfear na rioscaí maidir le díobháil do leasanna cliant, agus, i gcás nach féidir déanamh amhlaidh, go ndéanfar iad a mhaolú go cuí.

2. Maidir leis na cineálacha coinbhleachtaí leasa a thagann chun cinn le linn seirbhísí sluachistiúcháin a sholáthar agus a d’fhéadfadh damáiste a dhéanamh do leasanna cliaint, chomh maith leis na cineálacha coinbhleachtaí leasa dá dtagraítear in Airteagal 8(2), an chéad fhomhír, de Rialachán (AE) 2020/1503, chun na cineálacha coinbhleachtaí leasa sin a shainaithint, cuirfidh soláthraithe seirbhísí sluachistiúcháin san áireamh, ar a laghad, na nithe seo a leanas maidir leis na daoine dá dtagraítear in Airteagal 8(4) den Rialachán sin:

(a) an dócha go ndéanfaidh siad gnóthachan airgeadais, nó an dócha go seachnóidh siad caillteanas airgeadais, ar chostas an chliaint;

(b) an bhfuil leas acu i dtoradh seirbhíse arna soláthar don chliant atá éagsúil le leas an chliaint sa toradh sin;

(c) an bhfuil dreasacht airgid nó eile acu chun tosaíocht a thabhairt do leas cliaint nó grúpa cliant thar leasanna cliant eile.

*Airteagal 3*

***Nochtuithe maidir le cineál ginearálta agus foinsí coinbhleachtaí leasa agus bearta maolaithe***

1. Foilseoidh soláthraithe seirbhísí sluachistiúcháin an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2020/1503 ar a suíomh gréasáin in áit a mbeidh rochtain éasca ag cliaint uirthi agus tabharfaidh siad cothrom le dáta í. Nochtfaidh soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin an fhaisnéis sin le cliaint ar mheán marthanach,

mura sainaithnítear aon choinbhleacht leasa i gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2020/1503, agus tabharfaidh sé an fhaisnéis sin cothrom le dáta i gcás inarb ábhartha.

2. Áireofar sa nochtadh dá dtagraítear i mír 1 tuairisc shonrach shoiléir ar na coinbhleachtaí leasa agus na rioscaí bainteacha arna sainaithint i gcomhthéacs seirbhís ar leith, agus cineál na gcliant lena ndéantar an nochtadh á chur san áireamh, go háirithe a gcáilíocht mar infheisteoirí sofaisticiúla ionchasacha nó mar infheisteoirí neamhshofaisticiúla ionchasacha.

*Airteagal 4*

***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13.7.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*